Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Athmhachnamh agus Athnuachan:

## An Idirbhliain a Ghlacadh Chugainn Féin

## Dialann Mhachnamhach 2024-2025

CC BY NC

# Clár Ábhar

**Sceideal an Lae……………………………………………………………..……2**

**Ráitas an Cláir Idirbhliana………………………………………………….. 3**

**Réasúnaíocht ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana……………………………. 4**

**Ag ailíniú le réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana………………… 6**

**Athmhachnamh agus Athnuachan: Réasúnaíocht………………………. 7**

**Croí-Fhoireann – Plé………………………………………………………… 8**

**Gnéithe Curaclaim: Comhpháirteanna…………………………………….9**

**Gnéithe Curaclaim: Teagasc agus Measúnú………………………………10**

**Gnéithe Curaclaim: Aithint agus Tuairisciú……………………………….. 11**

**Athmhachnamh agus Athnuachan: Gnéithe Curaclaim…………………12**

**Ag mapáil Gnéithe Scoláire ar Eispéireas Scoláire………………………13**

**Gnéithe Scoláire – Póstaer…………………………………………………14**

**Athmhachnamh agus Athnuachan: Gnéithe Scoláire…………………… 15**

**Breithnithe Deiridh.......................................................................................16**

## Sceideal an Lae

| | |
|---|---|
| **Seisiún 1**<br>**9:30 - 11:00** | **Aidhmeanna agus Réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana** |

**Am Sosa 11:00 - 11:15**

| | |
|---|---|
| **Seisiún 2**<br>**11:15 - 1:00** | **Iniúchadh ar Ghnéithe Curaclaim** |

**Am Lóin 1:00 - 2:00**

| | |
|---|---|
| **Seisiún 3**<br>**2:00 - 3:30** | **Iniúchadh ar Ghnéithe Scoláire** |

## Intinní Foghlama

**Deiseanna a fhiosrú chun aidhmeanna agus réasúnaíocht RCIB a bhaint amach inár gcomhthéacs féin**


**Machnamh ar an gcaoi ar féidir le gnéithe curaclaim tacú le heispéiris fhiúntacha foghlaimeoirí**

**Fiosracht, cruthaitheacht agus nuálaíocht a spreagadh tuilleadh inár gClár Idirbhliana agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le gnéithe an scoláire tacú le forbairt na scoláirí san Idirbhliain.**

## Ráitas an Cláir Idirbhliana

**Gnéithe Scoláire**

- Fás Pearsanta
- A bheith i do fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme




**Gnéithe Curaclaim:**

- Comhpháirteanna
- Teagasc agus Measúnú
- Aithint agus Tuairisciú
- Machnamh agus Athnuachan

## Aidhmeanna Ráiteas an Chláir Idirbhliana

1. forbairt an scoláire mar dhuine iomlán a chothú trí bheith ag forbairt ar réamhthaithí, trí churaclam a bheadh deartha ag an scoil agus é ailínithe le Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

2. spás agus deiseanna a chruthú le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha thaitneamhacha trínar féidir príomhinniúlachtaí an scoláire a fhorbairt sa seomra ranga agus ar scoil, sa bhaile agus ina ról mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

3. taithí agus feasacht an scoláire ar chonairí éagsúla todhchaí a leathnú agus acmhainneacht an scoláire a fhás féin agus a fhorbairt féin a chothabháil, trí phróiseas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, a chothú.

4. é a bheith ag éabhlóidiú ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire trí phróiseas machnaimh agus athnuachana a chuimseodh an scoláire, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus comhpháirtithe pobail.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 8)



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Réasúnaíocht ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Tá daoine óga in Éirinn ag maireachtáil i ndomhan atá ag athrú go pras, arb é is saintréithe dó ná domhandú agus uirbiú, pobail níos ilchineálaí, forbairtí méadaitheacha digiteacha agus teicneolaíochta, athruithe i saol na hoibre agus i bpatrúin oibre, agus an géarghá le maireachtáil inbhuanaithe ar bhonn domhanda. Is clár roghnach bliana í an IB atá ar fáil do gach iar-bhunscoil. Mar chlár aonair laistigh de thaithí na sraithe sinsearaí, soláthraíonn an clár IB deis uathúil, áit a bhféadann scoileanna agus pobail a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo.

Soláthraíonn an IB am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire sa tsraith shinsearach. Is féidir léi a bheith ina nasc chun réimse níos leithne deiseanna agus conairí a chur ar fáil. Cuireann an clár ar chumas na ndaoine óga acmhainneacht bhreisithe a fhorbairt chun freagairt don éiginnteacht, chun an chastacht a láimhseáil, chun suimeanna pearsanta a chothú agus chun athrú dearfach eiticiúil a spreagadh sa tsochaí.

Tá Ráiteas an Chláir Idirbhliana saindeartha d'fhonn cur chuige comhoibritheach solúbtha a sholáthar do scoileanna maidir le cláir IB a phleanáil dá gcomhthéacs féin. Tá buntábhacht ag baint le neamhspleáchas áitiúil scoileanna, agus iad ag obair laistigh de pharaiméadair Ráiteas an Chláir Idirbhliana, chun nuálaíocht scoil-threoraithe a chothú; rochtain chothromasach a chur chun cinn; agus eispéiris bhunathraitheacha a chur ar fáil do dhaoine óga a mbeidh siad ábalta tarraingt orthu ar feadh na sraithe sinsearaí agus amach anseo ina saol todhchaí. Is féidir le scoileanna a gcuraclam IB a leasú go mbeidh deiseanna ag an scoláire na príomhinniúlachtaí a fhorbairt go n-éireoidh go maith leis sa domhan seo atá ag athrú go sciobtha.

Tá clár atá ag teacht le Ráiteas an Chláir Idirbhliana ionchuimsitheach agus cuimsítear an ilchineálacht ann; éascaítear braistint fionnachtana ann; tuairiscítear ar bhonn níos leithne ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an scoláire ann; agus léirítear meas ann ar an méid atá le tairiscint ag gach scoláire don chlár. Le linn na IB, seans go bhforbródh an scoláire caidrimh níos aibí le múinteoirí agus le daoine fásta eile agus é ag éirí ina ghníomhaire gníomhach i dtaca lena thaithí oideachais féin a dhearadh.

Cuireann rannpháirtíocht IB le foghlaim, forbairt agus fás pearsanta leanúnach an scoláire. Tacaítear le gach uile scoláire ar feadh na IB le forbairt ina ndaoine níos oiriúnaithí comhbháiche inniúla athléimní; tréithe a fheictear i bpobal na scoile, atá soiléir i nádúr an chláir IB féin agus a bhfuil meas orthu laistigh den phobal áitiúil.

Trí churaclam IB a bheadh deartha go cruthaitheach ag an scoil féin, féadann gach scoláire deiseanna a thapú chun fás agus forbairt a dhéanamh agus iad ag foghlaim an dóigh le roghanna níos eolasaí a dhéanamh sa tsraith shinsearach agus taobh amuigh de sin.


(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 7)

## Ag ailíniú le réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana


Ag smaoineamh ar chomhthéacs do scoile féin agus ag machnamh ar do scoláirí reatha Idirbhliana, sórtáil na naoi ngné seo a leanas de Ráiteas Cláir na hIdirbhliana in ord tábhachta reatha do do scoil:

- comhoibriú idir an scoil agus an pobal
- taithí oideachais taitneamhach, saibhir agus suntasach
- roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh sa tsraith shinsearach agus ina dhiaidh
- ina ghníomhaire gníomhach i dtaca lena thaithí oideachais féin a dhearadh.
- nuálaíocht scoil-threoraithe
- eispéiris bhunathraitheacha
- príomhinniúlachtaí a fhorbairt
- braistint fionnachtana a éascú

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch 7)



## Athmhachnamh agus Athnuachan: Réasúnaíocht




Rolfe, Freshwater, & Jasper 'What' Model (2001)

## Croí-Fhoireann - Plé

1. Déan plé ar na slite go mbeadh Croí-Fhoireann in ann tacú le Clár Idirbhliana.

2. Cad iad na ghníomhaíochtaí a d'fhéadfá tabhairt fúthu chun Croí-Fhoireann a thacú i dtreo Clár na hIdirbhliana a ailíniú le Ráiteas an Chláir Idirbhliana?

## Gnéithe Curaclaim: Comhpháirteanna

Déan cur síos ar ghné amháin de chomhpháirteanna na hIdirbhliana atá ag oibriú go maith i do scoil faoi láthair

**Comhghleacaithe Scoile**



**Grúpa**



**Mórghrúpa**





Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Gnéithe Curaclaim: Teagasc agus Measúnú

Cleachtais Chomhchoiteanna Flippity

Cad is comhchleachtas ann agus cén chuma a bhíonn ar chomhchleachtas éifeachtach i do Chlár Idirbhliana?

https://tinyurl.com/IB2024CC


Iarraimid oraibh saintréithe Chleachtais Chomhchoiteanna a rangú de réir cé chomh feiceálach is atá siad i gClár na Idirbhliana Reatha i do scoil.

| Is iad na saintréithe a bhaineann leis an teagasc agus measúnú ar feadh an chláir IB trí chéile ná: | |
|---|---|
| | • ionchais arda do gach scoláire a shainaithint agus a leagan síos |
| | • cleachtais uile-scoile a fhreagraíonn do láidreachtaí agus do riachtanais gach scoláire agus a spreagann ionchur ón scoláire don chlár |
| | • deiseanna le haghaidh pleanáil, ullmhúchán agus cur i bhfeidhm na gcur chuige teagaisc agus measúnaithe |
| | • níos mó deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht, taitneamh agus neamhspleáchas an scoláire ina chuid foghlama féin |
| | • eispéiris a sholáthar atá dúshlánach tarraingteach, agus ar féidir leo an smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, agus ar fud churaclam na IB |
| | • comhroinnt an tsaineolais agus na taithí le comhghleacaithe i dtimpeallacht ghairmiúil, laistigh den scoil agus, nuair is féidir, le scoileanna eile |
| | • fianaise den fhoghlaim a thiomsú agus a chomhroinnt chun na Gnéithe Curaclaim eile a threorú, go háirithe Aithint agus Tuairisciú |
| | • breithmheas comhsheasmhach ar chleachtas comhchoiteann ar feadh bhliain an chláir, agus aiseolas agus machnamh mar bhonn eolais faoi. |

## Gnéithe Curaclaim: Aithint agus Tuairisciú

Cad is na deiseanna atá i gclár idirbhliana do scoil a cheiliúrann agus a athnaíonn gnóthlachtálacha na scoláirí?

## Athmhachnamh agus Athnuachan: Gnéithe Curaclaim





Rolfe, Freshwater, & Jasper 'What' Model (2001)



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Ag mapáil Gnéithe Scoláire ar Eispéireas Scoláire



# Gnéithe Scoláire - Póstaer

## FÁS PEARSANTA

### Táscairí forbartha

- An scoláire a bheith ag éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine.
- Cúram níos fearr a dhéanamh dá shláinte agus folláine féin agus de shláinte agus folláine daoine eile.
- Spriocanna a shocrú le haghaidh forbairt phearsanta agus gnóthachtáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Acmhainn níos mó chun aincheisteanna eiticiúla a ionramháil agus machnamh a dhéanamh ar luachanna pearsanta.
- An chaoi le cinntí níos eolasaí a dhéanamh.
- A bheith ag cloí níos faide le tascanna, go háirithe agus iad dúshlánach.
- A bheith ag tosú a bhreathnú ar dhúshláin mar dheiseanna breise le haghaidh fáis.
- A bheith ag oiriúnú níos fearr do ghrúpaí agus do thimpeallachtaí úra sóisialta.
- A bheith ag idirghníomhú le daoine eile ar bhealach níos comhbháiche, san fhíorshaol agus ar líne araon.
- A bheith ag glacadh úinéireachta níos minice ar a chuid iompraíochtaí agus cinntí féin.
- Níos mó treallúis agus ceannasaíochta a léiriú ar scoil, sa bhaile agus sa phobal.

### Eispéiris scoláire

- Tionscadail chomhoibríocha, comórtais, gníomhaíochtaí le linn na bliana chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach.
- Taisc agus tionscadail aonair, lena mbainfeadh scileanna digiteacha agus neamh-digiteacha chun féinléiriú a chumasú.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá fhás pearsanta.
- Oideachas agus treoir i dtaobh forbairt phearsanta agus mhothúchánach agus feasacht shóisialta.
- Gníomhaíochtaí agus eispéiris ag cur na sláinte fisicí agus mothúchánaí ar feadh an tsaoil chun cinn.
- Deiseanna le haghaidh machnamh faoi threoir agus athbhreithniú ar spriocanna pearsanta.
- Deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh sa rang, os comhair an phobail agus in agallaimh.
- Aitheantas d'fhás pearsanta agus do dhúshláin phearsanta i ngach gné de shaol na scoile i gcaitheamh na bliana.

## A BHEITH I D'FHOGHLAIMEOIR

### Táscairí forbartha

- A bheith níos spreagtha chun foghlama agus breathnú ar an oideachas mar rud fiúntach taitneamhach.
- Spriocanna foghlama a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu.
- A bheith ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha, mar úsáideoir agus mar chruthaitheoir.
- A shuimeanna pearsanta féin a fhiosrú.
- Léirthuiscint níos fearr ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
- A bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus a chrios compoird a leathnú.
- Eolas agus scileanna atá ábhartha don tsraith shinsearach a shealbhú.
- Tábhacht an aiseolais a thuiscint agus níos mó measa a léiriú air.
- Cur lena acmhainneacht i dtaca le foghlaim neamhspleách fhéinrialaithe.
- A bheith níos oscailte i leith triail a bhaint as réimse straitéisí foghlama.
- A scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a leathnú.
- A chuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus é ag plé le smaointe daoine eile.

### Eispéiris scoláire

- Ábhair leanúnachais agus ag fáil blaiseadh d'ábhar le foghlaim a dearadh chun príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt.
- Éagsúlacht d'oideolaíochtaí a bheadh ag teacht le fíorú aidhmeanna an Ráitis an Chláir agus le bheith ag tacú leis na táscairí forbartha do gach aon scoláire.
- Deiseanna bríocha foghlama lena n-ionchorpróﬁaí ionchur an scoláire.
- Deiseanna le cur le foghlaim an scoláire le linn an aistrithe ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach.
- Measúnú ar a fhoghlaim agus forbairt trí éagsúlacht d'fhoirmeacha mar shampla múinteoir, piar- agus féinmheasúnú, agus chun críche foirmitheacha agus suimitheacha.
- Aitheantas do ghnóthachtáil i ngach réimse den churaclam.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifeadadh ar fhorbairt an scoláire agus a dhul chun cinn mar fhoghlaimeoir.
- Réimse de thionscadail aonair agus foirne, comórtais, gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana atá indéanta agus dúshlánach go leor.

## RANNPHÁIRTÍOCHT SHIBHIALTA AGUS PHOBAIL

### Táscairí forbartha

- Caidrimh níos comhbháiche measúla a chothú le daoine, áit, an dúlra.
- Níos mó léirthuisceana agus measa ar dhínit an duine agus ilchineálacht.
- A fheasacht agus a bhraistint comhbhá, féiniúlachta agus muintearais a dhoimhniú.
- Castacht agus éiginnteacht a aithint agus a bheith ag plé leo.
- Gníomhú chun maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe.
- Níos mó treallúis a léiriú ina scoileanna, pobail, agus sochaí.
- Spriocanna a shocrú le bheith ina shaoránach gníomhach agus athbhreithniú a dhéanamh orthu seo.
- A bheith ag obair ar bhonn níos comhoibríche le daoine eile agus mar chuid d'fhoirne.
- A bheith ag éirí níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha.
- A bheith ag iarraidh cur le saol níos córa.
- Tuiscint níos fearr a bheith aige ar idirghaolmhaireachtaí na bpobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

### Eispéiris scoláire

- A bheith ag obair le heagraíochtaí agus gnólachtaí áitiúla nó náisiúnta i gcaitheamh na bliana.
- Deiseanna le bheith ag obair go deonach trí obair phobail agus socrúchán sóisialta.
- Oideachas ar fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áireofaí gníomh bríoch le haghaidh domhan níos inbhuanaithe.
- Comhroinnt eolais agus scileanna laistigh de phobal na scoile agus i measc páirtithe leasmhara sa phobal.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá rannpháirtíocht shibhialta agus phobail.
- Tionscadail, comórtais, gníomhaíochtaí sa seomra ranga, ar scoil, sa bhaile, i bpobail áitiúla agus sa tsochaí.
- Rannpháirteachas bríoch le múnlú chultúr na scoile.
- Deiseanna foghlama maidir le comhbhá, ilchineálacht agus ionchuimsiú.

## TAIGHDE GAIRME

### Táscairí forbartha

- A bheith níos eolasaí i dtaobh na gceangal idir an t-oideachas agus deiseanna gairme.
- A bheith ag cur lena fheasacht ar shuimeanna pearsanta, inniúlachtaí, luachana agus meonta.
- Spriocanna gairm-bhainteacha a shainaithint agus a athbhreithniú ar bhonn níos rialta.
- Níos mó acmhainneachta a bheith ag an scoláire chun taighde agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar chonairí gairme.
- Níos mó scileanna gairmiúla, eagrúcháin agus cumarsáide a ghnóthú.
- A bheith ag foghlaim an dóigh le smaointe a ghiniúint agus le smaointe a chur i ngníomh.
- A chuid eolais agus iompraíochtaí sa láthair oibre a fheabhsú trí thaithí phraiticiúil.
- Níos mó feasachta a bheith aige ar shaol na hoibre agus na fiontraíochta.

CC BY NC

### Eispéiris scoláire


- Socrúcháin oibre i gcaitheamh na bliana.
- Tascanna machnaimh, faoi threoir, le linn taithí agus socrúcháin san IB.
- Ábhair agus modúil ar churaclam na sraithe sinsearaí a nascann le réimse de chonairí sa todhchaí.
- Gairmthreoir agus tacaíocht sa seomra ranga i dtaca le réimse de chonairí sa todhchaí.
- Punann a chruthú, faoi threoir, a dhéanann taifeadadh ar a chuid machnaimh ar a thaighde gairme.
- Éagsúlacht de dheiseanna foghlama, a fheabhsaíonn scileanna praiticiúla agus gairmiúla.
- Fáil ar ócáidí nó ar thimpeallachtaí foghlama a bhaineann le gairmeacha.
- Aoichainteoirí ó éagsúlacht de chúlraí agus de ghairmeacha.
- Gearrchúrsaí teistithe nó micridhintiúir.
- Deiseanna chun inniúlachtaí agus cumais a mheas.





Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Athmhachnamh agus Athnuachan: Gnéithe Scoláire





Rolfe, Freshwater, & Jasper 'What' Model (2001)



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Breithnithe Deiridh

Cad iad na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag eascairt ó gach seisiún?




Rolfe, Freshwater, & Jasper 'What' Model (2001)